# Nuacht Fhine Gall

Eisiúint № 11

Samhain 2019

# AG RINCE LE HÁTHAS



**Bhí lá an-tábhachtach ar siúl i mBaile Brigín agus na Sceirí nuair a osclaíodh dhá pháirc scátála iontacha nua - Féach Leathanaigh 4 agus 5**

## ISTIGH



**Seoladh láithreán gréasáin nua Fingal.ie - Lch 3**




**Dámhachtainí na bPobal Níos Glaise - Lch 6 – 7**



**Osclaítear Ionad Pobail Bhaile Lotrail - Lch 15**

25 BLIANA YEARS | Comhairle Contae Fhine Gall Fingal County Council

**Do Chomhairle ag obair duitse**

## Teachtaireacht ón Méara



Fáilte chuig an eagrán is déanaí de Nuacht Fhine Gall. Tá go leor forbairtí spreagúla agus dearfacha san eagrán, agus táim ag tnúth cheana féin leis an méid a bheidh sa chéad eagrán eile.

Is mian liom comhghairdeas a dhéanamh le AnnMarie Farrelly i ndiaidh gur ceapadh í le post Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall. Rinneadh an ceapachán seo i ndiaidh gur fhóin sí mar Phríomhfheidhmeannach ar bhonn eatramhach. Ceannaire dinimiciúil agus iontaofa í AnnMarie a sholáthair seirbhís phoiblí ar feadh tréimhse fhada, agus táim ag tnúth le hoibriú léi amach anseo.

Cuireadh an tionscadal Ár mBaile Brigín go mór chun cinn i ndiaidh gur baineadh trí bhád bhriste ó chuan Bhaile Brigín, a chabhróidh le feabhas agus forbairt bhreise a dhéanamh ar limistéar spreagúil an chuain.

Tugadh sócmhainn eile atá luachmhar do chreatlach phobail Fhine Gall chun solais ag seoladh Ionad Pobail nua Baile Lotrail. Baineann an oiread sin tábhachta le tionscadail ar nós na dtionscadal seo do dhaoine agus grúpaí áitiúla a bhainfidh an-úsáid as an tsaoráid, gan amhras, sna blianta amach romhainn.

Ábhar suaite agus imní do go leor daoine ar fud Bhaile Átha Cliath agus Fhine Gall, ach go háirithe, a bhí sna Fógraí chun Uisce a Bheiriú a eisíodh le déanaí. Thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall, ba mhaith liom mo leithscéal a chur in iúl don tionchar a d'imir siad. Ritheamar rún ag ár gcruinniú i Samhain go dtugann ionadaithe Uisce Éireann cuairt ar Fhine Gall agus go gcasann siad leis an gComhairle iomlán. Táim ag tnúth leis go dtionólfar an cruinniú seo a luaithe agus is féidir.

Ar deireadh, bhí onóir orm an Leabhar Comhbhróin a shíniú don chraoltóir íocónach, Gay Byrne. Bhí ceangal dlúth ag Gay agus a theaghlach le Binn Éadair, ach go háirithe, agus is cinnte gur cuid thábhachtach é a leagáid de scéal Fhine Gall.

An Comh. Eoghan O'Brien
Méara Fhine Gall

## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach



Ba mhí ghnóthach é Deireadh Fómhair, faoi mar is gnách, d'Fhine Gall agus mí a bhí ann inar éirigh liom éacht phearsanta a dhéanamh nuair a ainmníodh agus a ceapadh mé mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall ag cruinniú speisialta na Comhairle. Chuireamar Lá Fiontraíochta Náisiúnta na mBan ba mhó a bhí ar siúl riamh agus d'fhreastail breis agus 400 úinéir agus bainisteoir gnólachta baineann ar an imeacht a bhí ar siúl in Óstán an Crowne Plaza i mBaile Bhlainséir. Ábhar spreagtha go léiríonn scála an imeachta gur mná iad 605 de na rannpháirtithe inár gcláir bhainistíochta forbartha. Chuireamar ár láithreán gréasáin nua, fingal.ie, i láthair ar a leagtar an bhéim chéanna ar éascaíocht na nascleanúna agus a leagtar ar mhealltacht amhairc.

Bhí gliondar croí orm labhairt ag tionscadal píolótach aip Ghlórtha Fhine Gall, atá meáite ar chinnteoireacht áitiúil a threisiú agus a fhairsingiú trí "glórtha nach gcloistear" a spreagadh chun páirt a ghlacadh agus a ndearcthaí a nochtadh. Táim ag tnúth leis an dul chun cinn a dhéanfaidh an tionscadal seo a thabhairt faoi deara agus spreagaim gach duine chun páirt a ghlacadh agus a chinntiú go n-éistear le bhur nglórtha féin. Tugaim faoi deara, agus ábhar bróid dom é, gur aithníodh saineolas agus tiomantas ár bhfoirne san iomaí dámhachtain a bronnadh orthu agus san iomaí ainmniúchán a rinneadh i Samhain. Bhuaigh tionscadal Chomhdhlúthaithe Thúr Thoir Chaisleán Shoird an dámhachtain Oidhreachta agus Chaomhnaithe i nDámhachtainí Sármhaitheasa Innealtóirí Éireann 2019 i mbliana. Thug Aonad Soláthair Fhine Gall 'Tionscadal na Bliana' leo i ndiaidh gur bunaíodh aonad lárnach soláthair ag na Dámhachtainí Soláthair Náisiúnta. Ainmníodh Teach agus Feirm an Droichid Nua ina mbuaiteoirí ar an tSeirbhís Fóillíochta/Turasóireachta is Fearr ag Dámhachtainí Sármhaitheasa Gnó agus Freagrachta Sóisialta Corparáidí Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath Fhine Gall agus ainmníodh ár nAonad Cumarsáide mar Fhoireann na Bliana ag Dámhachtainí Sármhaitheasa Gnó agus Freagrachta Sóisialta Corparáidí Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath Fhine Gall. Ainmníodh an Oifig Fiontair Áitiúil, chomh maith leis sin, sa chatagóir 'an tSeirbhís Phoiblí is Fearr' agus rinneadh Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall a ainmniú don Fheachtas Margaíochta is Fearr.

AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach

# SUÍOMH GRÉASÁIN NUA FINGAL.IE SEOLTA



Tá suíomh gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall fingal.ie athshheolta i ndiaidh athchóiriú suntasach a dhéanamh. Tá cuma nua ar an suíomh agus tá ardán nua in úsáid a chiallaíonn go bhfuil níos mó i gceist ná suíomh gréasáin údaráis áitiúil anois.

Tá an suíomh gréasáin úrnua seo, a leagann béim shuntasach ar nascleanúint gan stró, íomhánna deasa agus inneachar ábhartha, bunaithe ar cheithre phríomhcholún ar a dtugtar Comhairle, Cónaitheoir, Gnó agus Cuairteoir, agus ar cholúin thánaisteacha atá dírithe ar Nuacht agus Imeachtaí.

Tá colún na Comhairle cosúil leis an suíomh gréasáin a bhí ag Comhairle Contae Fhine Gall roimhe seo, agus tá na trí cholún eile dírithe ar spriocphobail ar leith ar mhaithe le tuiscint daoine ar an méid a dhéanann an Chomhairle a fheabhsú.

Dúirt an Méara O'Brien go "n-áirítear an suíomh gréasáin nua i measc sraith nuálaíochtaí digiteacha de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall, agus go gcabhróidh sé go mór lena chinntiú go bhfuil níos mó eolais ar fáil do shaoránaigh faoi na seirbhísí éagsúla a bhfuil an Chomhairle freagrach astu".

Mhínigh AnnMarie Farrelly, an Príomhfheidhmeannach go ndearna, "RED C Suirbhé Sástachta Custaiméirí in 2017, agus nár chuir ach 33% de chónaitheoirí in iúl gur thuig siad céard a dhéanann an Chomhairle".

"Is é an suíomh gréasáin ceann dár bpríomhchainéil chumarsáide agus tá dhá bhliain caite againn ag cruthú suíomh gréasáin a chuireann ar ár gcumas eolas a roinnt le saoránaigh, cuairteoirí agus gnóthaí maidir leis an obair a dhéanaimid, agus ag an am céanna, a chinntiú go bhfuil faisnéis a bhaineann leis na céadta seirbhísí atá á soláthar againn ar fáil go héasca."

Sheol Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, an suíomh gréasáin nua agus dúirt sé go dtabharfaidh sé léargas níos fearr ar an obair atá ar bun ag an gComhairle.

Comhthionscadal idir Aonaid TF agus Chumarsáide na Comhairle ba ea an suíomh gréasáin nua, agus tá an suíomh deartha ag Emagine, an Ghníomhaireacht Dhuaisbhuaiteach Chruthaitheach Meán Digiteach, agus ba é an fhoireann, a bhfuil neart duaiseanna bronnta orthu, in Annertech a bhí freagrach as forbairt bogearraí. Beidh leagan Gaeilge den suíomh gréasáin nua ar fáil freisin.

Cuirfear tús le plean forbartha mionsonraithe sna blianta beaga amach romhainn lena chinntiú go mbeidh an suíomh nua cothrom le dáta chomh fada is a bhaineann leis na treochtaí is déanaí i bhforbairt suíomhanna gréasáin. Ciallaíonn sé seo go mbeidh gnéithe nua á rolladh amach go rialta mar go mbeidh suíomh gréasáin na Comhairle inathraithe seachas statach.

Ba é Comhairle Contae Fhine Gall an chéad údarás áitiúil in Éirinn a thosaigh ag craoladh a cruinnithe Comhairle agus Coiste Ceantair ar an nGréasán agus tá tairseach chomhairliúcháin bunaithe chomh maith, consult.fingal.ie, a chuireann ar chumas saoránach breathnú ar thograí agus aighneachtaí a dhéanamh ar líne. I measc na nuálaíochtaí digiteacha eile tá Leabharlanna Digiteacha, Binsí Cliste, WiFi Poiblí, Sonraí Oscailte, dúshláin Treochomharthaíochta agus Guthanna nach gCloistear, Aonaid Dhigiteacha Cúraim Custaiméirí agus cruinnithe Digiteacha Comhairle. Chomh maith leis sin, foilsíonn an Chomhairle ríomhiris dhigiteach, Nuacht Fhine Gall, gach dara mí.

# Fógraíonn Comhairle gur éirigh thar cionn le Pardún na Samhna d'ábhar indóite

Tá sé fógartha ag Comhairle Contae Fhine Gall gur éirigh thar cionn le pardún na Samhna a thug deis d'úinéirí tí ábhar indóite a dhiúscairt saor in aisce.

Mar chuid dá tiomantas an timpeallacht a chosaint agus cur leis an tionscnamh Oíche Shamhna Níos Sábháilte, ghlac ionaid athchúrsála an údaráis áitiúil i Sord agus i gCúil Mhín i mBaile Átha Cliath 15, le raon ábhar cosúil le tochtanna, toilg agus doirse adhmaid ar feadh cheithre lá ar leith roimh an 31 Deireadh Fómhair.

Chuir an pobal an-spéis sa tionscnamh agus thug breis is 4,000 feithicil aghaidh ar ionad an Inbhir. Líonadh 86 scipe bruscair, mar aon le 40 cás de dhramhaíl earraí beaga leictreachais, go leor earraí móra leictreachais agus 35 bosca péinte.

Sa Chúil Mhín, thug 2,645 feithicil cuairt ar an ionad agus líonadh 79 scipe bruscair i rith na gceithre lá a bhí sonraithe don Phardún. Mhol Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, an t-údarás áitiúil as an tionscnamh a fhorbairt. "D'éirigh thar barr le Pardún na Samhna agus thacaigh an pobal go fonnmhar leis an tionscnamh. I dteannta le tionscnamh Fhéile na Tine, is féidir le Comhairle Contae Fhine Gall a bheith bródúil as an ról a bhí aige i gcinntiú gur bhain gach duine taitneamh as Oíche Shamhna níos Sábháilte."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag David Storey, an Stiúrthóir Oibríochtaí: "I mbliana, chinneamar an pardún a thairiscint chun an méid ábhair a d'fhéadfadh a bheith á chaitheamh ar thinte cnámh go háitiúil a laghdú, rud a d'fhéadfadh rioscaí sláinte agus sábháilteachta a chruthú agus damáiste a dhéanamh do spásanna oscailte poiblí, agus cúis áthais dúinn go raibh an oiread sin spéise ag an bpobal sa tionscnamh."

"Rinne Comhairle Contae Fhine Gall infheistíocht airgeadais sa tionscnamh mar chuid dá tiomantas an tionchar comhshaoil ar limistéir ghlasa agus ar spásanna oscailte a laghdú i rith na Samhna. Tá an Chomhairle ag ullmhú anois chun an dramhaíl a dhiúscairt, rud a chosnóidh thart ar €45,000."



# PÁIRCEANNA SCÁTÁLA NUA OSCAILTE

Bhí Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, agus Príomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, i láthair chun dhá Pháirc Scátála nua a oscailt - sna Sceirí agus i mBaile Brigín - Dé hAoine seo caite, an 5 Deireadh Fómhair.

Tá na háiseanna spóirt is déanaí atá curtha ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall cruthaithe don phobal áitiúil scátála agus ó tharla go bhfuil an daonra is óige in Éirinn i bhFine Gall tá na háiseanna seo ríthábhachtach do na daoine óga ionas gur féidir leo taitneamh a bhaint as a gcuid ama ina gceantar áitiúil féin.

Tá an pháirc scátála sna Sceirí deartha i stíl bhabhla agus tá an pháirc scátála nua i mBaile Brigín deartha sa stíl chlasaiceach phláis. Tá an dá pháirc deartha go sonrach chun cur le carachtar na suíomhanna sa dá phobal agus freastalóidh siad ar aoiseanna éagsúla agus ar leibhéil éagsúla taithí.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, an





Comhairleoir Eoghan O'Brien, a d'oscail na páirceanna: "Trí áiseanna inrochtana mar seo a chur ar fáil i bPáirc Bhaile na Sceirí agus i bPáirc Scátála Bhaile Brigín, tá súil ag an gcomhairle úsáideoirí a spreagadh chun saol níos sláintiúla a chaitheamh agus tabhairt faoi chaitheamh aimsire amuigh faoin spéir, nós a leanfaidh ar aghaidh leis na glúnta.

"Is mian liom buíochas a ghabháil le Kevin Halpenny, Stiúrthóir Sinsearach Páirce, a fhoireann agus an conraitheoir, Freestyle Skate Parks, as an obair mhór a rinne siad chun an tionscadal seo a chríochnú. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin le baill Choiste Áitiúil na bPáirceanna Scátála, as a gcuid tacaíochta agus as a dtiomantas don áis iontach atá againn inniu a chur ar fáil."

Tuigeann Comhairle Contae Fhine Gall an tábhacht a bhaineann le sláinte agus le caitheamh aimsire i saol an duine. Soláthraíonn páirceanna scátála go leor buntáistí don phobal, lena n-áirítear sláinte & folláine, gníomhaíocht choirp do leanaí agus do dhaoine óga, áit shábháilte agus dhúshlánach do scátálaithe chun a scileanna a fhorbairt, agus páirceanna scátála chun tacú le pobail shláintiúla bhríomhara, díreach cosúil le háiseanna spóirt eile, agus cruthaíonn siad timpeallacht dhearfach do dhaoine óga inar féidir leo bualadh le cairde.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Cúis áthais dom a bheith anseo chun an dá pháirc scátála iontacha seo a oscailt, spás atá ag teastáil go géar ón bpobal scátála sna ceantair seo.

"Is mian liom buíochas a ghabháil le m'fhoireann i Rannán na bPáirceanna & an Bhonneagair Ghlais as an obair iontach a rinne siad ar mhaithe leis an bpáirc scátála seo a fhorbairt, agus táim ag súil go mór le daoine a fheiceáil, idir óg agus aosta, ag baint tairbhe as an áis spóirt iontach seo."






# Dámhachtainí Fhine Gall do Phobail Níos Glaise 2019

Réachtáladh Dámhachtainí Fhine Gall do Phobail Níos Glaise i Halla an Chontae, Sord. Le himeacht na mblianta, tá an comórtas tábhachtach seo i ndiaidh cur leis an gcaidreamh atá ag Comhairle Contae Fhine Gall le cónaitheoirí, grúpaí pobail agus daoine aonair sa chontae. I láthair ar an oíche bhí Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly.

I mbliana, leagadh béim ar líon na bpailneoirí agus bithéagsúlacht a mhéadú agus ar phobail inbhuanaithe a chothú, príomhról ar féidir linn ar fad a bheith páirteach ann chun todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú. Chomh maith leis sin, spreagadh pobail chun ról níos mó a bheith acu inár bhfreagairt chomhshaoil d'athrú aeráide agus d'fheabhsuithe comhshaoil.




Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, Eoghan O'Brien: "Cothaíonn dámhachtainí na bPobal Níos Glaise spiorad pobail iontach - ba cheart dúinn a bheith fíorbhuíoch de na daoine a spreagann an chuid eile againn a bheith mórtasach as ár dtimpeallacht".

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an bPríomhfheidhmeannach, AnnMarie Farrelly, "I mbliana bhí an caighdeán níos airde ná riamh roimhe seo agus is aitheantas leanúnach é don imní agus don bhród atá ar chónaitheoirí, grúpaí pobail agus daoine aonair i bhFine Gall maidir leis an timpeal-










lacht ina bhfuilimid ag obair agus ag maireachtáil".

I measc na ndaoine a bhronn dámhachtainí bhí Craig Benton, Benton Ecological Solutions, Roger Warburton, Rediscovery Centre, Baile Munna, John Daly, Stiúrthóir Gníomhach na Roinne Comhshaoil, Gníomhú ar son na hAeráide agus Seirbhísí Uisce, agus Fionnuala May, Ailtire Contae, Comhairle Contae Fhine Gall.

Ghlac go leor grúpaí pobail as ar fud Fhine Gall páirt san imeacht i mbliana, agus bhí breis is 100 iontrálaí ar fad ann ó chatagóirí éagsúla, idir an Dámhachtain don Ghairdín is Fearr ag Tosach an Tí agus an Dámhachtain Bithéagsúlachta.  Bronnadh 40 duais ar fad ar an oíche. Bronnadh an duais mhór ar Fhoireann Bhainistíochta Eastát Bhaile an Fhaoitigh as an obair iontach atá déanta acu agus as a dtiomantas dá gceantar.

Thagair Sinead Fox agus Carla McKenna, Oifigigh Oideachais Comhshaoil, a d'eagraigh an t-imeacht, don obair mhór a rinne na hiarratasóirí ar fad, agus thréaslaigh siad leo siúd ar bronnadh dámhachtainí orthu. "Is dlúthchuid den saol é an bhithéagsúlacht, agus tá ról againn ar fad i gcosaint agus i bhfeabhsú na bithéagsúlachta atá inár gcontae féin. Go raibh maith agaibh ar fad as cabhrú linn ócáid den scoth a reáchtáil."






# NEW CHIEF EXECUTIVE OF FINGAL COUNTY COUNCIL



Cheap Comhairle Contae Fhine Gall AnnMarie Farrelly go foirmiúil mar a Príomhfheidhmeannach nua.

Ag cruinniú speisialta inniu, rith baill thofa Chomhairle Contae Fhine Gall rún chun an tUasal Farrelly a cheapadh le post an Phríomhfheidhmeannaigh. Thacaigh an Grúpa Beartais Chorparáidigh an tseachtain seo caite d'aon ghuth le moladh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Agus fáilte á cur aige roimh an gceapachán, dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien: "Bhí gliondar croí orm tacú le moladh an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí chun AnnMarie Farrelly a cheapadh. Creidim go docht daingean gurb í an duine ceart chun ár nÚdarás Áitiúil a stiúradh. Fostaí eiseamláireach sa tseirbhís phoiblí í a bhfuil sáreolas aici ar an earnáil. Duine fíorghairmiúil í AnnMarie Farrelly a léiríonn an meas is mó ar a comhghleacaithe i gComhairle Contae Fhine Gall agus ar na Baill Thofa."




Déantar an séú duine den Uasal Farrelly, agus an chéad bhean, a ghlacfaidh ceannas ar ról Phríomh-fheidhmeannach/ Bhainisteoir Contae Chomhairle Contae Fhine Gall, a bhfuil ceiliúradh á dhéanamh aici ar bheith ar an bhfód le 25 bliain anuas i mbliana. Tá post Príomh-fheidhmeannaigh Eatramhaigh aici ó Bhealtaine i ndiaidh gur imigh Paul Reid chun tabhairt faoi ról POF Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Ag labhairt di faoina ceapachán, dúirt an tUasal Farrelly gur "onóir agus pribhléid" é a bheith ceaptha mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall. "Bhain mé an t-ardról ceannaireachta seo amach mar gheall ar an taithí agus na deiseanna ollmhóra gairm bheatha a thug an rialtas áitiúil dom. Ba phribhléid i gcónaí é a bheith ag oibriú sa rialtas áitiúil agus tá sé i bhfad níos fearr, fiú, mar gheall go bhfuilim ag oibriú i gContae ar nós Fhine Gall."

"Tá claochlú tagtha ar an gContae ó bunaíodh an Chomhairle sa bhliain 1994. Le 25 bliain anuas, mar shampla, tá méadú faoi dhó tagtha ar ár ndaonra aníos go dtí 300,000 duine. Tá ár rátaí ioncaim, arbh ionann iad agus €3.7 milliún thiar sa bhliain 1994, ardaithe aníos go dtí €129 milliún i mbliana. Tugann an leibhéal seo borrtha an rath atá orainn le fios, ach chuir sé roinnt dúshlán romhainn, chomh maith, a leanfaimid ag dul i ngleic leo."



Dúirt sí, chomh maith: "Is mian liom cur lenár n-éachtaí go dtí seo agus oibreoidh mé leis an gComhairle lena chinntiú go leanann an Contae faoi rath agus lena chinntiú go gcosnaímid caighdeán beatha na ndaoine a chónaíonn anseo trí chabhrú le dul i ngleic lena riachtanais tithíochta, gheilleagracha agus caitheamh aimsire. Is mian liom a chinntiú, chomh maith, go leanann Fine Gall bheith mar chomhairle bheoga, a fhéachann amach agus a dhea-reáchtáiltear agus go bhfáiltímid roimh dheiseanna agus éagsúlacht. Beidh orainn ceannas a ghlacadh ar shaincheisteanna ar nós Gníomhú ar son na hAeráide, feabhsú iompair phoiblí, fostaíochta agus tithíochta.

"Mar údarás áitiúil, is gá dúinn an méid atá againn a chosaint, a bhainistiú agus a fheabhsú agus pleanáil agus ullmhú dár mborradh agus fairsingiú inbhuanaithe amach anseo. Is tábhachtach, chomh maith, go dtugaimid faoinár gcroífhreagrachtaí go maith agus beartaím chun leanúint ag díriú ar an limistéar seo, go háirithe ar ár róil mar rialaitheoir."

Dúirt an tUasal Farrelly, mar fhocal scoir: "Leanfaidh mé le m'fhoireann bhainistíochta agus mo bhaill foirne, chun tionscadail bhunriachtanacha a sholáthar, soláthar tithíochta ina measc ar thailte poiblí ag Domhnach Bat, claochlú leanúnach Shoird, athghiniúint Bhaile Brigín agus Bhealach an Chósta, anuas ar thionscadail thábhachtacha i mBaile Átha Cliath 15, ar nós Uasghrádú Acomhal Snugborough, agus le caighdeán maith beatha a chinntiú dár saoránaigh go léir, idir óg agus aosta."

## Tionscadal píolótach seolta chun aird a tharraingt ar ghuthanna nach gcloistear tríd an aip Fingal Voices

Is aip é Fingal Voices a thugann deis do shaoránaigh ceisteanna a chur, suirbhéanna a fhreagairt agus páirt a ghlacadh i bplé le ranna na Comhairle. Tá tionscadal píolótach nuálach seolta ag Comhairle Contae Fhine Gall chun aird a tharraingt ar ghuthanna nach gcloistear go traidisiúnta tríd an aip fóin chliste Fingal Voices.

Is aip é Fingal Voices a thugann deis do shaoránaigh ceisteanna a chur, suirbhéanna a fhreagairt agus páirt a ghlacadh i bplé le ranna na Comhairle.

Nuair a úsáideann úsáideoirí an aip, faigheann siad pointí ar féidir leo iad a úsáid chun duaiseanna éagsúla a fháil. Úsáidtear teicneolaíocht gheoshuímh chun úsáideoirí a mheaitseáil le ceisteanna agus suirbhéanna atá ábhartha dóibh, cosúil le himeachtaí a bhfuil siad ag freastal orthu nó saincheisteanna a bhaineann lena gceantar féin.

Tá leagan béite den aip á rolladh amach a dhéanfar a mheas i rith an tionscadail phíolótaigh, a bheidh ar siúl ón 23 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 31 Eanáir 2020. Ag an imeacht seolta a reáchtáladh i séipéal Chaisleán Shoird, thug Grégoire Piette, comhbhunaitheoir Smart Futures a dhear an aip mar chuid de thionscadal na nGuthanna nach gCloistear, comhfhiontar idir Fiontraíocht Éireann, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Baile Átha Cliath Cliste, léargas ar an aip.

Tá an aip Fingal Voices ar fáil le haghaidh ghléasanna Android ag https://play.google.com/apps/testing/io.smartfutures.fingal.unheard_voices agus le haghaidh ghléasanna Apple ag https://testflight.apple.com/join/vOTWO3Qe.



# An Scéim Cúnaimh Airgeadais d'Imeachtaí agus Féilte 2020

Sheol Aonad Imeachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall a ghairm ar iarratais do ghrúpaí agus eagraíochtaí a lorgaíonn cúnamh airgeadais d'Fhéilte agus Imeachtaí a thitfidh amach in 2020.

Glacfar le hiarratais ar imeachtaí nó féilte reatha agus/nó nua a dhéanann spásanna poiblí a thabhairt chun beochta ar bhealaí cruthaitheacha agus/nó nuálacha agus/nó atá dírithe ar thionchar




intomhaiste turasóireachta a fhorbairt sa Chontae. Caithfidh páirtithe ar spéis leo roinnt critéir cháilitheachta eile a shásamh, an méid seo a leanas ina measc:

Caithfear daoine a mhealladh chun freastal ar na himeachtaí, go ginearálta, agus caithfidh siad a bheith cuimsitheach i dtaobh cúrsaí sóisialta de.
Caithfidh na himeachtaí a léiriú go soiléir gur féidir leo tairbhí geilleagracha, sóisialta agus/nó cultúrtha a chruthú.
Caithfidh na himeachtaí cur le féilire imeachtaí an Chontae maidir le cuairteoirí thar lear a mhealladh.
Caithfidh na himeachtaí cuspóir an Aonaid Imeachtaí a bhaint chun clár ilchineálach imeachtaí a chur le chéile i gcaitheamh na bliana, leathadh ábhair, séasúrach agus tíreolaíoch ina measc. Caithfidh na himeachtaí inbhuanaitheacht airgeadais agus an acmhainneacht a léiriú chun an t-imeacht a fhorbairt.
Caithfidh na himeachtaí plean caidrimh phoiblí agus margaíochta soiléir a bheith acu, straitéis meán sóisialta ina measc chun an t-imeacht a chur chun cinn go gníomhach.

Tacaíonn Aonad Imeachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall leis an turasóireacht trí Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2017-2022 agus le gnólachtaí inár mbailte trí chlár fadréimseach imeachtaí.

Ó cruthaíodh an tAonad Imeachtaí in 2010, tá méadú bliain ar bhliain tagtha ar líon na n-imeachtaí atá á gcur ar siúl agus a dtacaítear leo gach bliain. Meascán atá sa chlár d'imeachtaí féin Chomhairle Contae Fhine Gall, imeachtaí i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí eile a bhfuil a mhacasamhail de chuspóirí acu agus imeachtaí a reáchtálann eagraithe seachtracha a fhaigheann ranníocaíochtaí díreacha cistithe ó Chomhairle Contae Fhine Gall trí chlár cúnaimh airgeadais.

Is é an dáta deiridh d'iarratais ar chistiú 3pm Dé Máirt, an 17 Nollaig 2019 d'imeachtaí a thitfidh amach in 2020.



Rinne Comhairleoirí Clár Caipitil arbh fhiú €619m é a fhaomhadh ag cruinniú míosúil na Comhairle anocht i Halla an Chontae, Sord. Tá méadú de €30.6m i gceist leis an gclár rollach trí bliana don tréimhse idir 2020 agus 2022, a bhfuil seacht rannán páirteach ann, i gcoinne Chlár Caipitil 2019-2021, agus méadú de 91% ar an tsuim de €324m dá bhforáladh sa Chlár Caipitil 2017-2019.

Áirítear 236 tionscadal leis san iomlán agus is ionann an caiteachas measta ann agus €187m in 2020. An bhliain dár gcionn, 2021, beidh caiteachas caipitil thart ar €233m ann agus €209m curtha in áirithe don bhliain 2022.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall AnnMarie Farrelly: "Mar gheall ar thábhacht Fhine Gall don gheilleagar náisiúnta agus do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, tá sé tábhachtach go gcaitear ár mbuiséad caipitil go straitéiseach, agus creidim go bhfuil sé seo bainte amach againn inár gClár Caipitil 2020-2022. Tá béim láidir curtha ar an tithíocht agus ar an infreastruchtúr chomh maith leis an



# DÉANANN COMHAIRLEOIRÍ CLÁR CAIPITIL DE €619M A FHAOMHADH

fhorbairt gheilleagrach agus phobail agus tá ár dtiomantas don Athrú Aeráide i leathadh amach leanúnach Soilsithe Sráide LED, Pointí Muirir Feithiclí Leictreacha agus an bonneagar rothaíochta."

Caithfear beagnach leath chuid de mhaoiniú an Chláir Chaipitiúil ar an tithíocht de réir mar a leanann an Chomhairle lena tiomantas chun dul i ngleic go hiomlán le Plean Gníomhaíochta Tithíochta agus Easpa Dídine na hÉireann. Tá breis is €94m curtha ar leataobh le haghaidh na tithíochta in 2020 agus €208m le caitheamh thar an dá bhliain ina dhiaidh sin.

Beidh tionscadail Phleanála agus Bonneagair Straitéisigh, amhail Acomhal Bhóthar Dhromainn na gCloch i mBaile Átha Cliath 15, cothrom le €36m in 2020 agus tá tiomantas iomlán de €151m le haghaidh na tréimhse trí bliana den Chlár Caipitil. Tá soláthar déanta freisin don bhonneagar rothaíochta agus tá caiteachas de €43m beartaithe don tréimhse trí bliana amach romhainn le Tionscadail Ghlasbhealaigh ar nós Bhealach an Mhóinéar Leathain , Bhealach Cósta Fhine Gall agus Fhéarbhealach Uirbeach na Canála Ríoga. Tá an bonneagar rothaíochta áirithe sa chlár infheistíochta bóthair lena gcuimsítear tionscadail ar nós Bhóthar an R135 Thuaidh, Bhóthar Bhaile Cóilín agus an bealach idir Sord agus Inbhear Mhullach Íde.

Is ionann an Fhorbairt ar Fhiontar Eacnamaíoch agus Turasóireachta agus beagnach €73m, agus beidh €23m caite le linn 2020 ar thionscadail dála na dTithe Cúirte atá againn i mBaile Brigín agus i mBinn Éadair chomh maith le ceannachán tailte forbraíochta agus na dtailte tionsclaíocha atá ann cheana féin a sheirbhísiú agus a fheabhsú.
Leanfar ar aghaidh le forbairt Cheathrú Cultúrtha Sord sa tréimhse trí bliana amach atá amach romhainn agus tá sé beartaithe go gcuirfear go mór leis an tionscadal in 2020 tar éis an fhógra a bheith tugtha gur ceapadh Turner agus Townsend ina mBainisteoirí Tionscadail. Cuimsíonn an Cheathrú Cultúrtha na foirgnimh atá ann cheana féin, dála Chaisleán Sord, an tAitriam ag Halla an Chontae agus Halla Carnegie ar Shráid an Tuaiscirt, agus tá Ionad Cathartha agus Leabharlann Contae nua le bheith tógtha ar an acomhal idir an tSráid Thuaidh agus Bóthar Bhaile na Mara.

Caithfear breis is €13m ar bhonneagar Comhphobail le linn na trí bliana atá amach romhainn, agus mar chuid den obair sin cuirfear tionscadail na nIonad Pobail i mBaile an Mhuilinn agus i mBaile Dúill ar aghaidh. Leanann tiomantas na Comhairle chun soilsiú sráide LED a thabhairt isteach agus €5.3m le caitheamh sa tréimhse trí bliana amach romhainn lena n-áirítear €2.4m in 2020 agus 2021. Maoinítear an Clár Caipitil ó fhoinsí éagsúla agus ina measc tobhaigh, iasachtaí, deontais agus sreafaí ioncaim na Comhairle féin.

Is féidir breathnú ar chur i láthair Chlár Caipitil 2020-2022 do chomhairleoirí ag www.fingal.ie/council-meetings Is féidir breathnú ar chóip de Chlár Caipitil 2020-2002 ag https://www.fingal.ie/ga/council/service/clar-caipitil.




# Osclaíonn Méara Fhine Gall Ionad Pobail Bhaile Lotrail

Tá Ionad Pobail Bhaile Lotrail oscailte go hoifigiúil. Is áis nua-aimseartha, ilfheidhmeach é, a fheidhmeoidh mar chroílár do chónaitheoirí agus d'eagraíochtaí áitiúla.

Bhí Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, agus AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Contae Fhine Gall, i láthair chun an t-ionad álainn nua a oscailt i gceantar Bhaile Átha Cliath 15.

Osclaíodh Ionad Pobail Bhaile Lotrail i mí Meithimh agus áirítear san áis ilchuspóireach, nua-aimseartha, halla spóirt lánmhéide le seomraí feistis, stiúideo damhsa, seomraí cruinnithe agus seomra cúraim leanaí.

Tá an tIonad suite taobh le Coláiste Pobail Bhaile Lotrail agus tógadh de réir shamhail "Scoileanna Fhine Gall" é, atá ag feidhmiú i roinnt pobal ó bunaíodh an tsamhail in 2010, samhail a bhfuil an-rath uirthi.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, An Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Soláthraíonn pobail láidre tacaíocht agus folláine shóisialta do na daoine atá ag maireachtáil iontu. Tá sé riachtanach, dá réir sin, go mbeadh spásanna tiomnaithe ag pobail chun bualadh le daoine, bailiú le chéile, rudaí a phlé agus a bheith ag spraoi.

"Tá ról suntasach le himirt ag Comhairle Contae Fhine Gall i bhforbairt na bpobal seo i bhFine Gall, agus go háirithe i bpobail níos nuaí cosúil le Baile Lotrail, tríd an obair atá ar bun ag an Rannán Pobail, Cultúir & Spóirt.

"Anois, níos mó ná riamh roimhe seo, tá gá le comhtháthú agus le spiorad agus mórtas pobail. Bhí, agus tá, Comhairle Contae Fhine Gall, tiomanta don spiorad pobail seo a spreagadh trí áiseanna pobail nua a chur ar fáil."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag AnnMarie Farrelly, an Príomhfheidhmeannach: "Tá




Comhairle Contae Fhine Gall páirteach i ndearadh, tacú le, oibriú agus bainistíocht áiseanna pobail ar fud an chontae le breis is 20 bliain anuas. I mBaile Lotrail tá áis pobail nua comhroinnte oscailte go hoifigiúil, áis a bheidh ag croílár an phobail áitiúil.

"Is toradh é an t-ionad nua seo a bhfuilimid ann inniu de chomhpháirtíocht rathúil idir Comhairle Contae Fhine Gall agus an Roinn Oideachais & Scileanna, sampla breá de "Shamhail Scoileanna Fhine Gall", samhail atá á rolladh againn go bródúil le roinnt blianta anuas."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Stiúrthóir Roinn Pobail agus Tithíochta Chomhairle Contae Fhine Gall, Margaret Geraghty: "Cúis áthais go bhfuil an áis pobail nua seo oscailte i gceantar atá ag fás, agus rachaidh sé chun tairbhe go mór do phobal na háite agus d'eagraíochtaí.

"Tá béim á leagan ag an Oifig Forbartha Pobail ar phobail láidre, rannpháirteacha agus chomhtháite a fhorbairt ar fud Fhine Gall, ceantar a bhfuil daoine mórtasach as."

Is féidir leis an bpobal an tIonad Pobail a fháil ar cíos ó Ionad Pobail Bhaile Lotrail, agus beidh sé ar fáil ag brath ar éileamh.



# Maoiniú le haghaidh Feabhsú Pobal i bhFine Gall

Tá cistí de €150,521.00 leithdháilte ar Chomhairle Contae Fhine Gall faoi Chlár um Fheabhsú Pobail 2019 agus €13,089.00 breise le haghaidh Sheideanna na bhFear agus na mBan.

Tá an Clár um Fheabhsú Pobail á mhaoiniú ag an Roinn Tuaithe agus Forbartha Pobail. Soláthraíonn sé maoiniú do phobail chun feabhas a chur ar áiseanna i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste.

Tá Cláir um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPA) freagrach as maoiniú a leithdháileadh ar thionscadal ina gceantar féin mar go bhfuil siad in ann tionscadail áitiúla oiriúnacha a aithint. Bhí cruinniú ag CFPA inné (Dé Céadaoin, an 2 Deireadh Fómhair) chun maoiniú a cheadú do 101 iarratas ar an dá scéim i gceantar Fhine Gall. Ceadaíodh 90 iarratas faoi Chlár um Fheabhsú Pobail (CFP) 2019 agus 11 iarratas do Chiste Sheideanna na bhFear & na mBan 2019. Mhol an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail go mbeadh maoiniú le haghaidh seideanna á leithdháileadh ar bhealach réasúnta cothrom ar sheideanna incháilithe a rinne iarratas bailí. Bhí gach Seid na bhFear in Éirinn atá ina mbaill de Chumann Sheideanna Fear na hÉireann incháilithe chun iarratas a dhéanamh. Bhí Seideanna na mBan incháilithe chun iarratas a dhéanamh freisin.

Faoin gClár um Fheabhsú Pobail. Bhí Chéad Fhreagróirí Pobail Shoird, Club Cruicéid Bhaile Brigín agus Barnardos na Coirre Duibhe i measc 90 grúpa ar bronnadh maoiniú orthu. Fuarthas iarratais bhailí ó 10 Sheid na bhFear agus ó 1 Sheid na mBan i gceantar Fhine Gall. Bhí cruinniú ag an bhFoghrúpa Maoinithe agus comhaontaíodh ciste Sheideanna na bhFear agus na mBan, €13,089.00 i mbliana, a roinnt go cothrom idir an 11 sheid de réir threoirlínte na Roinne.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Stiúrthóir um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontraíochta agus Turasóireachta Chomhairle Contae Fhine Gall, Emer O'Gorman: "Táimid thar a bheith sásta leis an maoiniú atá faighte againn le haghaidh 2019 a chuirfidh ar ár gcumas infheistíocht shuntasach a dhéanamh i bpobail ar fud Fhine Gall. Táimid ag súil le bheith ag obair le go leor pobal agus grúpaí deonacha agus cabhrú leo lena gcuid tionscadal."



# Baineann an Chomhairle báid bhriste as Cuan Bhaile Brigín

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag baint trí bhád briste de Chuan Bhaile Brigín mar chuid dá pleananna chun feabhas a chur ar an gCuan faoin bPlean Athnuachana Bhaile Brigín. Bhí foireann ó Rannóg Oibriúcháin na Comhairle i gceannas ar an oibríocht. Tar éis na báid a ardú ón uisce, cuireadh ar leoraí iad agus thóg an fhoireann leo iad chun iad a bhriseadh suas. Bhí roinnt de na báid bhriste sa Chuan le roinnt blianta anuas. Cuirfear feabhas ar an gCuan mar cheann de na 20 rud a dhéanfar sa chéad 12 mhí den Phlean Athnuachana Ár mBaile Brigín 2019-2025. Anuas ar na báid bhriste a bhaint, tá sé beartaithe chomh maith soilsiú a shuiteáil taobh istigh de dhroichead stairiúil tarbhealaigh an bhaile agus cumhacht a sholáthar don Chuan. I measc na n-oibreacha eile ar na bacáin, tá an t-athchóiriú ar an Teach Bád de chuid Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála.

Tús an phróisis chun ceantar an chuain a athshamhlú is ea iad na feabhsúcháin seo. Cruthófar cé agus éadan le huisce atá iontach agus bríomhar agus nascfar a lán deiseanna áineasa agus turasóireachta.

Dúirt Méara Fhine Gall, An Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Is cor suntasach sa tionscadal Ár mBaile Brigín é seo, mar tá acmhainneacht an-mhór ag baint le ceantair an chuain agus is cuid ríthábhachtach dár bPlean Athnuachana é athfhorbairt an chuain."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Tá an fhoireann Ár mBaile Brigín ag obair go dian chun a ngealltanas chun 20 rud a chur i gcrích sa chéad bhliain den Phlean. Déanfar feabhsúcháin bhreise sa chéad chúpla mí eile ar Chuan Bhaile Brigín chun an gealltanas chun feabhas a chur ar Chuan Bhaile Brigín a chomhlíonadh."

Chun físeán a fheiceáil, cliceáil https://bit.ly/2P1vEhM.



# Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2019-2024 seolta

Sheol Comhairle Contae Fhine Gall a Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2019-2024 i Halla an Chontae, Sord inniu (Dé Luain, an 9 Meán Fómhair).

Áirítear sa Phlean deiridh 133 gníomh atá ar siúl go leanúnach nó pleanáilte laistigh den Chomhairle, a chlúdaíonn cúig phríomhréimse gníomhaíochta – Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Seasmhacht i gCoinne Tuilte, Réitigh Nádúrbhunaithe agus Bainistíocht Acmhainní.

Tá ceithre phríomhsprioc aitheanta:

1. Feabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi 2020
2. Laghdú 40% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030
3. A chinntiú gur réigiún seasmhach ó thaobh aeráide é Fine Gall
4. Rannpháirtíocht ghníomhach le saoránaigh maidir leis an athrú aeráide agus eolas faoin athrú aeráide a roinnt leo

I ndiaidh dianphróiseas comhairliúcháin sé seachtaine i mí Feabhra/Márta i mbliana, d'fhreastail beagnach 170 duine ar cheithre imeacht i bhFine Gall, agus fuarthas breis is 120 aighneacht. Is comhthionscnamh é an Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide idir na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath, Oifig Réigiúnach um Athrú Aeráide Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Codema, gníomhaireacht fuinnimh Bhaile Átha Cliath. Déanfaidh Foireann thiomanta um Athrú Aeráide monatóireacht agus nuashonrú rialta ar na gníomhartha sa Phlean, agus oibreoidh siad i gcomhar le gach Roinn sa Chomhairle.

Más spéis leat Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide Chomhairle Contae Fhine Gall 2019-2024 a léamh, tabhair cuairt ar https://www.fingal.ie/ga/council/service/plean-gniomhaiochta-dathru-aeraide.



## 2019 TORTHAÍ :

| Baile (Catagóir) | 2018 | 2019 |
|---|---|---|
| Baile Bachaille (A) | 283 | 289 |
| An Aill ( A) | 230 | 245 |
| Baile an Ridire (C) | 253 | 258 |
| Lusca(D) | 311 | 316 |
| Binn Éadair (D) | 281 | 287 |
| An Ros (D) | 278 | 286 |
| Port Mearnóg (D) | 239 | 245 |
| Na Sceirí (F) | 333 | 338 |
| Mullach Íde (G) | 320 | 327 |
| Baile Brigín(G) | 291 | 296 |
| Caisleán Cnucha (G) | | 230 |
| Sord (H) | 317 | 323 |

# Déanann Comhairle Contae Fhine Gall Comhghairdeas le Coistí na mBailte Slachtmhara as an rath a bhí orthu in 2019

Tá ríméad ar Chomhairle Contae Fhine Gall comhghairdeas a dhéanamh le gach Coiste na mBailte Slachtmhara i bhFine Gall ar éirigh go maith leo arís tar éis torthaí chomórtas na bliana seo a fhógairt Tá comórtas na mBailte Slachtmhara SuperValu ar an bhfód le níos mó ná 60 bliain anois agus ba é Glasloch, Contae Mhuineachán an buaiteoir foriomlán. Roghnaíodh an buaiteoir as 918 iontráil sa chomórtas i mbliana, arb ionann é sin agus an líon is airde iontrálaithe sa chomórtas riamh.

Bhuaigh coiste na Sceirí, a bhuaigh an Duais Náisiúnta in 2016, craobh an Chontae arís chomh maith le Bonn Óir. Fuair siad 338 pointe i gCatagóir F (daonra idir 10,000 agus 15,000) arb ionann é sin agus 5 phointe níos mó ná an bhliain seo caite.

Fuair Mullach Íde bonn óir arís tar éis don bhaile 327 pointe a fháil i gCatagóir G (daonra idir 15,000 agus 25,000). Bronnadh bonn airgid ar Shord i gCatagóir H (daonra 25,000 nó os a chionn) tar éis don bhaile 323 pointe a fháil. Fuair ball an choiste Matt Cullen ardmholadh i gcatagóir Laochra an Phobail. Fuair Lusca bonn cré-umha tar éis 316 pointe a fháil i gCatagóir E (daonra idir 5,001 agus 10,000).

Fuair na coistí díograiseacha go léir ar fud Fhine Gall níos mó pointí in 2018 mar chúiteamh ar son a n-iarrachtaí. Fuair An Aill 15 phointe níos mó agus chuaigh Caisleán Cnucha ar ais sa chomórtas arís i mbliana.

Mhol Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, coistí na mBailte Slachtmhara. Dúirt sé, "Is iontach a fheiceáil go bhfuil obair dhian choistí na mBailte Slachtmhara i bhFine Gall á haithint leis na duaiseanna seo. Nuair a thugaim cuairt ar chearnaí éagsúla an Chontae mar mhéara, chonaic mé torthaí a gcuid iarrachtaí chun cuma na gceantar a fheabhsú, chomh maith le tionchar dearfach a imirt ar an gcomhshaol agus spiorad pobail a chothú."

Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Tá meas mór ar iarrachtaí Choistí na mBailte Slachtmhara ar fud an Chontae. Oibríonn siad chun áit níos fearr a dhéanamh d'Fhine Gall le maireachtáil ann, cónaí ann nó cuairt a thabhairt air. Tá ríméad ar Rannóg Oibríochta Fhine Gall faoina idirchaidreamh dearfach leis na grúpaí sin fad a oibríonn siad chun ár bpobail a choinneáil saor ó bhruscar, chun feabhas a chur ar ár dtírdhreach nádúrtha agus chun bithéagsúlacht a fheabhsú agus obair a dhéanamh ar son na haeráide trí phlandú atá báúil do phailneoirí a dhéanamh."

Dúirt Stiúrthóir Oibríochtaí Chomhairle Contae Fhine Gall:, David Storey: "Is léiriú iad duaiseanna na mBailte Slachtmhara i mbliana ar iarrachtaí leanúnacha agus tiomantas na gcoistí go léir ar fud Fhine Gall. Tá ríméad orm arís a fheiceáil go bhfuil a gcuid tiomantais agus oibre déine á n-aithint."

# Cúis áthais d'Oifig Ealaíon Fhine Gall buaiteoir Dhámhachtain an Chéimí 2019 a fhógairt




Cúis áthais d'Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall i gcomhpháirt le MART, a fhógairt gur ar Sharon Ramsey a bhronnfar Dámhachtain an Chéimí 2019.

Mar chuid de thiomantas leanúnach d'ealaíontóirí atá ag tosú amach sa ghairm, tá Dámhachtain Stiúideo bliana do Chéimí in MART á thairiscint ag Oifig Ealaíon Fhine Gall mar aon le spás sa seó 'Award ' i Márta 2020, taispeántas atá dírithe ar thacú le agus ar fhorbairt ghairmiúil céimithe le déanaí. Soláthróidh Dámhachtain an Chéimí, a thosófar i mí Dheireadh Fómhair 2019, timpeallacht idéalach do Sharon chun a cleachtas a fhorbairt, mar aon le deis aithne a chur ar ealaíontóirí eile. Chomh maith leis sin, beidh rochtain ag Sharon ar 'Smart Talks', sraith ghairmiúil forbartha láithreoireachtaí agus ceardlann á cur i láthair ag MART.

Bhronn NCAD Máistir Ealaíon sa Mhínealaín ar Sharon Ramsey le déanaí. Bhí an méid seo a leanas le rá ag Sharon nuair a chuala sí an dea-scéala; "Cúis áthais agus onóra is ea go bhfuil Dámhachtain an Chéimí le bronnadh orm. Chuir an tacaíocht atá ar fáil ó Oifig Ealaíon Fhine Gall agus MART go mór le m'fhéinmhuinín mar chéimí le déanaí, agus táim ag súil leis an mbliain amach romhainn a chaitheamh ina dteannta. Deis a bheidh ann cleachtas oibre a bhunú laistigh de phobal ealaíon atá tacúil agus lán beochta, agus cabhróidh sé liom teacht ar thuiscint níos fearr ar an méid atá i gceist le gairm an ealaíontóra."

Tá Sharon ag súil go dtabharfaidh an deis seo spás agus am di a cleachtas a fhorbairt agus a leathnú lasmuigh de chomhthéacs acadúil. Céim spéisiúil a bheidh ann i bhforbairt a gairme.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Sarah O'Neill, Leas-Oifigeach Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall faoi Dhámhachtain an Chéimí; "Bainfidh ealaíontóir atá ag tosú amach an-tairbhe as Dámhachtain Fhine Gall do Chéimí Ealaíon. Ní mór go mbeadh spás agus am ag céimí chun a chleachtas a fhorbairt agus a neartú. Chomh maith leis sin, is cuid den Dámhachtain seo an timpeallacht oiliúnach a chothaíonn teagmháil le piaraí, agus cúis áthais d'Oifig Ealaíon Fhine Gall an dámhachtain seo a bhronnadh i gcomhpháirt le MART."

# Seoladh thorthaí an Tionscadail Phíolótaigh ACORN

Thug Comhairle Contae Fhine Gall, in éineacht le dhá údarás áitiúla eile agus Aoisbhá Éireann, faoi chlár píolótach leis an táibléad ACORN le ball de na Comhairlí do Sheandaoine. Seolfaidh an tAire Ring torthaí an tionscadail phíolótaigh ACORN go hoifigiúil inniu.

Le deich mbliana anuas, tá athrú mór tagtha ar ghréasáin shóisialta agus idirghníomhaíocht dhaonna; tháinig athrú ó bhonn ar conas a dhéanann daoine cumarsáid lena chéile mar gheall ar ghléasanna cliste. Is iad an príomh-mhodh chun naisc a choimeád agus a bhunú sa saol réadúil anois, agus is foinsí nuachta, siamsaíochta agus teagmhála tráchtála iad.

Is mó an riosca anois ná ag aon tráth roimhe seo go n-eisiafaí saoránaigh nach bhfuil ceangal acu leis an saol nua-aimseartha go sóisialta agus, dá bharr sin, go mbeidh fadhbanna sláinte agus folláine acu a bhaineann le heisiamh sóisialta. Is é aidhm an tionscadal píolótach ACORN réiteach digiteach a thástáil lena úsáid ag daoine níos sine chun ardán atá simplithe, saincheaptha agus báúil le haois ar ríomhaire táibléid, réiteach a d'fhéadfadh tionchar dearfach a imirt ar sheandaoine agus cur le torthaí níos fearr do sheandaoine, go háirithe iad siúd i gceantair thuaithe nó bailte beaga, iargúlta nó seandaoine eile atá leochaileach ar bhealach eile. Bronnadh an Gradam Cumarsáide ar Rannóg an Phobail i ngeall ar thionscadal ACORN ag na Gradaim d'Éachtaí agus Aitheantais Aosbhá Náisiúnta.




# AN ACLAÍOCHT: AN-RATH AR LÁ ILSPÓIRT SPREAGTHA

Seoladh Lá Ilspóirt Aclaíochta Spreagtha Oifig Spóirt Fhine Gall ar an 24 Meán Fómhair sa Láthair Náisiúnta Lúthchleasaíochta Faoi Dhíon. I láthair ag an ócáid bhí an Méara, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Chomhairle Contae Fhine Gall, Íde De Bairtiseil, agus Curadh Domhanda Dornálaíochta na mBan 2018, Kellie Harrington.

D'fhreastail 300 cailín ó 8 n-iar-bhunscoil as Fine Gall ar an Lá Ilspóirt. Bhí deis ag na cailíní triail a bhaint as gníomhaíochtaí éagsúla cosúil le Zumba, gleacaíocht, cleachtadh cuarda agus Lúthchleasaíocht (Raoin & Faiche) faoi threoir cóitseálaithe creidiúnaithe ón gCampas Náisiúnta Spórt. Bhí an Méara agus Kellie Harrington i láthair chun na cailíní a spreagadh.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, an Comhairleoir, ag seoladh imeacht na bliana; "Cúis áthais is ea go bhfuil iarracht á déanamh spéis daoine nach bhfuil páirteach i spórt nó gníomhaíocht fhisiciúil faoi láthair a mhúscailt. Tá ról tábhachtach ag spórt i saol daoine óga agus tá súil agam, i ndiaidh páirt a ghlacadh sa Lá Spóirt Aclaíochta Spreagtha go roghnóidh go leor rannpháirtithe an spórt a áireamh chuid dá saol laethúil."

Reachtáiltear An Aclaíocht: Lá Ilspóirt Spreagtha i rith Sheachtain Eorpach an Spóirt gach bliain agus is cuid de thionscnaimh Oifig Spóirt Fhine Gall é faoi fheachtas 20X20 Chónaidhm Spóirt na hÉireann. Ghlac níos mó daoine páirt san imeacht i mbliana ná mar a ghlac anuraidh.

Tá An Aclaíocht: an clár Spreagtha dírithe go príomha ar chailíní idir 12-15 bliana d'aois, (An Chéad nó An Dara Bliain) nach bhfuil páirteach i ngníomhaíochtaí spóirt nó fisiciúla faoi láthair. Is é príomhchuspóir an chláir cabhrú chun spéis an aoisghrúpa seo sa spórt a chothú. Reáchtáiltear na gníomhaíochtaí i rith am lóin nó i ndiaidh na scoile den chuid is mó. Bíonn na cailíní páirteach i roghnú na gníomhaíochta agus d'éirigh go maith leis an gcur chuige seo. Tá breis is 30 cailín ó gach scoil páirteach. Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí Júdó, Ealaíona Comhraic, Damhsa, Futsal, Cispheil, Hip-Hop, Zumba agus aclaíocht sa Ghiomnáisiam.



# Seoladh Cath na Leabhar i gCaisleán Shoird



Tá gliondar croí ar Chomhairle Contae Fhine Gall a fhógairt gur seoladh Cath na Leabhar sa Séipéal ag Caisleán Shoird ar maidin, Dé Céadaoin, an 16 Deireadh Fómhair.

Clár léitheoireachta é Cath na Leabhar a bheidh ar siúl ó Dheireadh Fómhair 2019 go dtí Márta 2020 idir Leabharlanna Fhine Gall agus bunscoileanna laistigh de cheantar Fhine Gall. Is an-deas go bhfuil tacaíocht á tabhairt ag Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (ÚABÁC) don tionscnamh seo.

Tá an clár in ainm is leanaí a spreagadh chun léitheoireacht a dhéanamh, muinín a chruthú agus plé a dhéanamh ar an leabhar céanna, agus comheispéireas léitheoireachta a sholáthar a spreagfaidh léitheoireacht don saol.

Ag labhairt faoin gclár, dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Bealach iontach é Cath na Leabhar chun leanaí a spreagadh ní hamháin chun léamh ach chun idirghníomhú a dhéanamh lena chéile agus téamaí an leabhair a phlé agus éisteacht le léargas a chéile. Tá gliondar croí orm go mbeidh sé ar siúl arís i mbliana."

Is é is "World War 1 – When the Lights Went Out in Europe" leis an údar áitiúil Rod Smith agus a d'fhoilsigh Poolbeg Press, an leabhar a bheidh faoi chaibidil i mbliana. Bhí Rod féin agus Paula ó Poolbeg Press i láthair chun cabhrú leis an gclár a sheoladh agus cóipeanna sínithe den leabhar a thabhairt do na daltaí, Finn Morrissey agus Chelsea Camerino, ó Scoil Náisiúnta Naomh Mearnóg.



Is iad na scoileanna a bheidh páirteach i mbliana Scoil Mhuire Banríon na hÉireann, Port Mearnóg, Scoil Náisiúnta Naomh Labhrás, Baile Dhúill, Scoil Náisiúnta Naomh Mearnóg, Port Mearnóg agus Scoil Náisiúnta Naomh Mairéad. Glacfaidh na leanaí páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla a a eagraíonn Leabharlanna Fhine Gall ar na téamaí a cuireadh i láthair sa leabhar.

Beidh "Cath" mar bhuaicphointe an chláir a chuirfear ar siúl go luath in 2020 in Ionad Riasc.

Fingal's Library Services

| | | |
|---|---|---|
| Balbriggan | 01 870 4401 / 01 870 4402 | balbrigganlibrary@fingal.ie |
| Baldoyle | 01 890 6793 | baldoylelibrary@fingal.ie |
| Blanchardstown | 01 890 5563 | blanchlib@fingal.ie |
| Donabate | 01 890 5609 | donabate.library@fingal.ie |
| Garristown | 01 835 5020 | garristownlibrary@fingal.ie |
| Howth | 01 890 5026 | howthlibrary.library@fingal.ie |
| Malahide | 01 870 4430 / 01 870 4431 | malahidelibrary@fingal.ie |
| Rush | 01 870 8414 | rushlibrary@fingal.ie |
| Skerries | 01 890 5671 | skerrieslibrary.library@fingal.ie |
| Swords | 01 890 5894 / 01 890 5582 | swordslibrary@fingal.ie |
| Mobile library service | 01 822 1564 | mobilelibraries@fingal.ie |
| Library Headquarters | 01 890 5524 | LibrariesHQ@fingalcoco.ie |
| Housebound library service | 01 860 4290 / 1850 211466 (Freephone) | houseboundlibrary@fingal.ie |
| Local Studies and Archives | 01 870 4495 / 01 890 4486 | Local.Studies@fingal.ie |

Fingal Libraries are on Social Media!

# Dámhachtain Seaimpín Right to Read bronnta ar Leabharlanna Fhine Gall

Tá Dámhachtain Seaimpín Right to Read bronnta ar Leabharlanna Fhine Gall mar aitheantas ar na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun acu tacú le forbairt na litearthachta tríd an tseirbhís leabharlainne.

Bhronn an tAire Stáit sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Seán Canney, na Dámhachtainí Seaimpín Right to Read, ar cuid é de thionscnamh comhoibríoch trasrialtais a sholáthraíonn creat atá á chomhordú go náisiúnta do thacaíocht na litearthachta agus forbairt na léitheoireachta i ngach údarás áitiúil.

Ba é an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil a reáchtáil na Dámhachtainí ag Teach an Rialtais Áitiúil i




mBaile Átha Cliath. Bronnadh dámhachtainí ar 30 údarás leabharlainne mar aitheantas ar an tacaíocht atá á cur ar fáil agus ar chur chun cinn forbairt scileanna litearthachta trí thionscnaimh cosúil le 'Summer Stars Reading Programme' agus 'Spring in to Storytime'.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an Aire le linn dó a bheith ag labhairt ag an imeacht: "Cúis áthais dom a bheith i láthair anseo inniu chun na Dámhachtainí Seaimpín Right to Read a bhronnadh ar údaráis áitiúla a stiúir agus a chur an Clár Right to Read ar fáil. Is tionscnamh iontach é, a chiallaíonn go bhfuilimid tiomanta, ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil, do chaighdeáin litearthachta a fheabhsú."

Ar leibhéal áitiúil, tá an clár Right to Read á chur ar fáil ag seirbhísí leabharlainne poiblí i ngach údarás poiblí agus tá comhordaitheoir Right to Read i ngach seirbhís leabharlainne i mbun maoirseachta ar chur i bhfeidhm an chláir.









# IMEACHT DO 400 BEAN GNÓ AR SIÚL I BHFINE GALL

D'fhreastail breis is 400 banfhiontraí ar imeacht Fhiontar Náisiúnta na mBan i bhFine Gall, imeacht a tharraingíonn aird ar an rath atá ar mhná atá i mbun gnó, i ngach earnáil.

Ba iad na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFAanna) a d'eagraigh na himeachtaí, agus ba é Pat Breen T.D., An tAire Stáit do Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí, a chuir tús leis na himeachtaí in Óstán an Crowne Plaza i mBaile Bhlainséir.

Ba é "I mBun Gnó" téama na bliana seo, an 13ú bliain a bhfuil an t-imeacht á reáchtáil ag OFAanna ar fud na tíre le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, agus le maoiniú ó Rialtas na hÉireann. Bhí imeacht Bhaile Átha Cliath á maoiniú ag OFAanna i Réigiún Bhaile Átha Cliath agus ag an Líonra Fiontar Eorpach.

Tá an t-imeacht ag fás ó bhliain go bliain agus anois tá 17 n-imeacht á reáchtáil ar fud na tíre agus tá breis agus 1,700 banfhiontraí ag glacadh páirte sna himeachtaí. Tá an tóir atá ar an imeacht ag teacht leis an bhforbairt atá tagtha ar an mbanfhiontraíocht ar fud na tíre. Tugadh méadú 18% faoi deara sa líon banfhiontraithe atá ag baint tairbhe as cláir oiliúna OFA anuraidh, agus bhí beagnach 22,000 banfhiontraí ag baint tairbhe as tacaíochtaí atá á gcur ar fáil ag a OFA in 2018.

Roinn cuid de na banfhiontraithe is mó cáil in Éirinn a dtaithí siúd ag an imeacht a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath. Ina measc bhí; Caroline Keeling, POF Keelings; Siobhan Murray, údar agus cóitseálaí acmhainneachta; Krissy Gibson, POF Take the Cake; Niamh Sherwin-Barry, Stiúrthóir Irish Fairy Door Company, agus Melanie Boylan, Stiúrthóir STOMP Social Media Training. I measc scoth na mbanphainéalaithe bhí: Jo Harpur, POF Jo Harpur Jewellery; Emer Cleary, Bunaitheoir Emu Ink Publishing; Aimée Madden, POF Clinishift; Jessica Conlon, Bunaitheoir Twigs; agus Jenny Melia, Bainisteoir Forbartha Gnó le Fiontraíocht Éireann. Ba í Ann McGee, Stiúrthóir MIAS Pharma, Ambasadóir Réigiún Bhaile Átha Cliath in 2019.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Oisín Geoghegan, Cathaoirleach an Líonra de 31 Oifig Fiontar Áitiúil agus Ceannasaí Fiontraíochta i bhFine Gall: "Is imeacht tábhachtach é Lá Fiontar Náisiúnta na mBan ar fhéilire na hOifige




Fiontar Áitiúil gach bliain. Deis atá ann aird a tharraingt ar an obair iontach atá ar bun ag mná atá i mbun gnó, i ngach earnáil. Is deis atá san imeacht do mhná gnó bualadh le mná eile, noda a roinnt lena chéile agus comhairle a chur ar a chéile, agus misneach a thabhairt do mhná eile. Chomh maith leis sin, tugann sé deis do mhná atá ag smaoineamh ar dhul i mbun gnó, foghlaim ó bhanfhiontraithe a rinne an rud céanna agus a thuigeann go bhfuil tacaíocht ar fáil má théann tú á lorg. Is é an rud is deacra an chéad chéim a thógáil agus nuair a labhraíonn tú le d'Oifig Fiontar Áitiúil tuigfidh tú cé chomh tapa is féidir tacaíocht a fháil a chabhróidh leat an rud is mian leat a dhéanamh."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Cúis áthais do Chomhairle Contae Fhine Gall, tríd an Oifig Fiontar Áitiúil, an Lá Fiontar Náisiúnta Ban is mó a reáchtáladh sa tír riamh a eagrú. Bhí breis is 400 úinéirí/bainisteoirí gnó baineanna i láthair. Tá go leor de na cainteoirí a bhí i láthair i ndiaidh a ngnóthaí féin a bhunú ina bpobail féin, agus tá siad ag cur le cruthú fostaíochta ina ngeilleagar áitiúil. Molaimid do gach banfhiontraí a d'fhéadfadh a bheith amuigh ansin teagmháil a dhéanamh lena n-oifig fiontar áitiúil agus tairbhe a bhaint as na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil dóibh. Cúis áthais is ea gur mná iad 60% de na rannpháirtithe ar ár gcláir forbartha bainistíochta."

Bhí breis is 1,700 duine i láthair ag Lá Fiontar Náisiúnta na mBan, agus tá líon na mbanfhiontraithe ag fás an t-am ar fad. Bhain breis is 4,500 banfhiontraí tairbhe as meantóireacht ghnó in 2018, méadú 19% ón mbliain roimhe, agus ghlac beagnach 22,000 banfhiontraí páirt i gcláir oiliúna na hOifige Fiontar Áitiúil, méadú 18% i gcomparáid le 2017. Léirítear i dtuarascáil 2018 an Global Entrepreneurship Monitor gur mná iad beagnach 40% d'úinéirí gnó nua in Éirinn anois.

Áirítear LFNB i measc ceann de thionscnaimh na OFAanna a bhfuil sé mar aidhm acu fiontraíocht a chothú agus cabhrú le cuideachtaí dul i mbun gnó ar fud na tíre. Áirítear i measc na dtionscnamh eile an tSeachtain Fiontar Áitiúil, an Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn, na Dámhachtainí Fiontar Náisiúnta, Clár Fiontar na Mac Léinn, agus an Sráidbhaile Fiontar Áitiúil ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Más spéis leat tuilleadh eolais faoi thacaíochtaí atá ar fáil do ghnóthaí i bhFine Gall, tabhair cuairt ar www.localenterprise.ie/Fingal

# Teagmháil


**Comhairle Contae Fhine Gall**
Halla an Chontae,
An Príomhshráid,
Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
K67 X8Y2

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Oifigí na Cathrach,
Bóthar an Gharráin,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15
D15 W638

Tel: (01) 890 5000

Láithreán Gréasáin: www.fingal.ie
Ríomhphost:
customercareunit@fingal.ie
Report: www.fixyourstreet.ie


**Déan Teagmháil linn ar**

- Bí linn ar Facebook
- Lean muid ar Twitter
- Féach orainn ar YouTube


*Fingal News* arna fhoilsiú ag Aonad Cumarsáide Chomhairle Contae Fhine Gall.

Ríomhphost: fingalnews@fingal.ie


## Páirceanna Chomhairle Contae Fhine Gall

Diméin agus Páirc Réigiúnach Chaisleán Ard Giolláin

Diméin agus Páirc Réigiúnach Chaisleán Mhullach Íde

Feirm, Diméin agus Páirc Réigiúnach Teach an Droichid Nua

Caisleán Shoird agus Páirc an Bhaile

Diméin agus Páirc Réigiúnach Sheantraibh

Muilte na Sceirí

Páirc San Caitríona / Diméin Leamcháin

Gairdín Lusanna an Talbóidigh

Páirc Réigiúnach Ghleann na Tulcann

Páirc Réigiúnach Ghleann Abhann an Bharda

**Le haghaidh liosta iomlán d'uaire oscailte agus tuilleadh mionsonraí téigh go dtí:**

http://fingal.ie/community-and-leisure/

## Fingal County Council Recycling Centres


**Ionad Athchúrsála Chúil Mhín**
Eastát Tionsclaíochta Chúil Mhín,
Baile Átha Cliath 15.
(Le taobh Stáisiún Dóiteáin Chúil)

**Ionad Athchúrsála an Inbhir**
Sord, Contae Bhaile Átha Cliath
(Le taobh Páirc Ghnó)

**Le haghaidh uaire oscailte agus tuilleadh mionsonraí féach ar an nasc**
http://fingal.ie/environment/waste-and-recycling/recycling-centres/

# Know What's Happening In Your County

Council | News | Events




Residents | Visitors | Business

# Fingal.ie

## Your Information Website


25 BLIANA YEARS
Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

**Your Council, working for you**

# Do Chomhairleoirí




## Toghcheantair Aitiúil







**Baile Brigin**

1. An Comh. Tony Murphy
Neamhspleách
tony.murphy@cllrs.fingal.ie
086 277 2030

2. An Comh. Joe O'Brien
An Comhaontas Glas
joe.obrien@cllrs.fingal.ie
087 960 8540

3. An Comh. Grainne Maguire
Neamhspleách
grainne.maguire@cllrs.fingal.ie
087 943 6650

4. An Comh. Seána Ó Rodaigh
Páirtí an Lucht Oibre
seana.orodaigh@cllrs.fingal.ie
085 831 3801

5. An Comh. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@cllrs.fingal.ie
087 245 9897

**An Ros - Lusca**

6. An Comh. Robert O'Donoghue
Páirtí an Lucht Oibre
robert.odonoghue@cllrs.fingal.ie
083 322 7472

7. An Comh. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@cllrs.fingal.ie
087 681 4485

8. An Comh. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@cllrs.fingal.ie
085 229 8201

9. An Comh. Cathal Boland
Neamhspleách
cathal.boland@cllrs.fingal.ie
086 257 7672

10. An Comh. Paul Mulville
An Páirtí Sóisalach Daonlathach
paul.mulville@cllrs.fingal.ie
086 378 7395

**Sord**

11. An Comh. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@cllrs.fingal.ie
087 959 5378

12. An Comh. Ian Carey
An Comhaontas Glas
ian.carey@cllrs.fingal.ie
086 307 4004

13. An Comh. Dean Mulligan
Neamhspleách i dtreo Athrú
dean.mulligan@cllrs.fingal.ie
087 966 6260

14. An Comh. Duncan Smith
Páirtí an Lucht Oibre
duncan.smith@cllrs.fingal.ie
087 986 2686

15. An Comh. Joe Newman
Neamhspleách
joe.newman@cllrs.fingal.ie
087 245 7729

16. An Comh. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@cllrs.fingal.ie
086 247 6596

17. Cllr. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@cllrs.fingal.ie
087 272 4359

**Binn Éadair/Mullach Íde**

18. An Comh. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@cllrs.fingal.ie
086 858 0562

19. An Comh. David Healy
An Comhaontas Glas
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852

20 An Comh. Cian O'Callaghan
An Páirtí Sóisalach Daonlathach
cian.ocallaghan@cllrs.fingal.ie
086 286 6631

21. An Comh. Brian Mc Donagh
Páirtí an Lucht Oibre
brian.mcdonagh@cllrs.fingal.ie
086 385 8979

22. An Comh. Jimmy Guerin
Neamhspleách
jimmy.guerin@cllrs.fingal.ie
086 014 3346

23. An Comh. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@cllrs.fingal.ie
087 754 6258

24. An Comh. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@cllrs.fingal.ie
087 993 1329

**Caisleán Cnucha**

25. An Comh. Roderic O'Gorman
An Comhaontas Glas
roderic.ogorman@cllrs.fingal.ie
087 417 9777

26. An Comh Emer Currie
Fine Gael
emer.currie@cllrs.fingal.ie
085 816 1306

27. An Comh. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@cllrs.fingal.ie
087 327 6630

28. An Comh. John Walsh
Páirtí an Lucht Oibre
john.walsh@cllrs.fingal.ie
087 648 6228

29. An Comh. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@cllrs.fingal.ie
087 050 6146

30. An Comh. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@cllrs.fingal.ie
085 128 5493

**Ongar**

31. An Comh. Paul Donnelly
Sinn Fein
paul.donnelly@cllrs.fingal.ie
087 134 1514 or (01) 806 6899

32. An Comh. Tania Doyle
Neamhspleách
tania.doyle@cllrs.fingal.ie
085 780 9292

33 An Comh. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@cllrs.fingal.ie
086 199 5801

34. An Comh. Daniel Whooley
An Comhaontas Glas
daniel.whooley@cllrs.fingal.ie
087 397 8024

35. An Comh. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@cllrs.fingal.ie
087 259 5949

**Baile Bhlainséir - Mullach Eadrad**

36. An Comh. Mary McCamley
Páirtí an Lucht Oibre
mary.mccamley@cllrs.fingal.ie
087 650 1441

37. An Comh. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@cllrs.fingal.ie
087 162 0917

38. An Comh. John Burtachaell
Dlúthpháirtíocht
john.burtchaell@cllrs.fingal.ie
087 102 9372

39. An Comh. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@cllrs.fingal.ie
089 254 4372

40. An Comh. Freddie Cooper
Fianna Fáil
freddie.cooper@cllrs.fingal.ie
087 052 5628